

1. An bhfuil cat agat?

Tá. **Tá** cat **agam**.

Níl. **Níl** cat **agam**.

Do you have a cat?

Yes. **I have** a cat.

No. **I don't have** a cat.

2. An bhfuil cat ag Seán?

Tá. **Tá** cat **aige**.

Does John have a cat?

Yes. **He has** a cat.

Tá cat agam.	I have a cat.	Tá cat againn.	We have a cat.
Tá cat agat.	You have a cat.	Tá cat agaibh.	Ye have a cat.
Tá cat aige.	He has a cat.	Tá cat acu.	They have a cat.
Tá cat aici.	She has a cat.	Tá cat ag Máire.	Mary has a cat.
		Tá cat ag an gcaíln.	The girl has a cat.

3. Cá bhfuil do chat?

Tá **mo** chat sa bhaile.

Where is **your** cat?

My cat is at home.

mo chat	my cat	ár gcat	our cat
do chat	your cat	bhur gcat	your cat
a chat	his cat	a gcat	their cat
a cat	her cat	cat Mháire	Mary's cat
		cat an chailín	the girl's cat

m'úll	my apple	ár n-úll	our apple
d'úll	your apple	bhur n-úll	your apple
a úll	his apple	a n-úll	their apple
a húll	her apple	úll Mháire	Mary's apple
		úll an chailín	the girl's apple

4. Cé leis an cat?

Cé leis é?

Cé leis é seo?

Is liomsa é.

Ní liomsa é.

Whose is the cat?

Whose is it?

Whose is this?

It's mine.

It's not mine.

Is liomsa é.	It's mine.	Is linne é.	It's ours.
Is leatsa é.	It's yours.	Is libhse é.	It's yours.
Is leisean é.	It's his.	Is leosan é.	It's theirs.
Is léise é.	It's hers.	Is le Máire é.	It's Mary's.
		Is leis an gcaíln é.	It's the girl's.

- | | |
|------------------------------|-------------------------|
| 5. An bhfuil peata agat? | Do you have a pet? |
| An bhfuil páistí agat? | Do you have children? |
| Cad is ainm duit? | What's your name? |
| Cad is ainm do do chat? | What's your cat's name? |
| Cé leis nó léi an madra bán? | Whose is the white dog? |

Scéal an Lae: Mise agus an Dragún
le Patricia Forde

Story of the Day: Me and the Dragon
by Patricia Forde

- | | |
|--|--|
| 1. Fáilte romhaibh isteach. Is mise Patricia agus seo scéal a scríobh mé faoi bhéirín beag a bhí an-chróga. Nó an raibh? | Welcome. I'm Patricia and this is a story I wrote about a little bear who was very brave. Or was he? |
| 2. Nuair a bheidh mise mór rachaidh mé ag seilg dragúin. | When I'm big I will go hunting a dragon. |
| 3. Ar dtús, beidh orm teacht ar cheann. | At first, I will have to find one. |
| 4. Cuardóidh mé an fhoraois fhíochmhar. | I will search the ferocious forest. |
| 5. Pléascfaidh mé isteach san fhoraois sin, le mo chlaíomh i mo lámh. | I'll burst into that forest, with my sword in my hand. |
| 6. Tá súil agam nach mbeidh aon dris ann. | I hope there aren't any brambles there. |
| 7. Ní maith liom driseacha. | I don't like brambles. |
| 8. Beidh mé ag seilg an dragúin ar feadh an lae. | I will be hunting the dragon throughout the day. |
| 9. Rachaidh sé i bhfolach orm ach feicfidh mise é le mo theileascóp nua. | He will hide from me, but I will see him with my new telescope. |
| 10. Tá súil agam nach mbeidh sé ródhórcha istigh san fhoraois. | I hope it won't be too dark inside the forest. |
| 11. Ní maith liom an dorchadas ach an oiread. | I don't like darkness either. |
| 12. Osclóidh an dragún a sciatháin. | The dragon will open its wings. |
| 13. Suas leis go beo ansin, ag eitilt go tréan. | He'll go up quickly then, flying strongly. |
| 14. Rachaidh mise in airde ar chrann mór ard agus léimfidh mé anuas de. | I will go high up on a big tall tree and I will jump down from it. |
| 15. Beidh m'eitleog agam, ar ndóigh! | I'll have my airplane, of course! |
| 16. Tá súil agam nach mbeidh an crann ró-ard. | I hope the tree won't be too tall. |
| 17. Ní maith liom áiteanna arda. | I don't like high places. |

Is Tú Mo Chiaróg

Tadhg Mac Dhonnagáin

- | | |
|---|--|
| 1. Nuair a chuimhním ar do cholainn | When I think of your body |
| 2. Cuimhním ar Chnoc Bhréanainn | I think of [West Kerry's] Mount Brandon |
| 3. Feicim Oileán Acla i do shrón | I see Achill Island in your nose |
| 4. Breathnaím i do shúile | I look in your eyes |
| 5. Feicim tonnta Thoraí | and see the waves of Tory |
| 6. Aithním thú a stór, is tú mo chiaróg. | I recognize you darling, you're my beetle. |

curfá

chorus

- | | |
|---|---|
| 7. Fógraím don saol mór gur tú mo mhuirnín | I proclaim to the wide world that you're my dearest |
| 8. Anois, inniu, amáireach is go deo | Now, today, tomorrow and always |
| 9. Mar is tusa an cnoc glas atá i bhfad, bhfad uaim | Because you're the faraway hill that is so green. |
| 10. Aithním tú a stór, is tú mo chiaróg. | I recognise you darling, you're my beetle. |

- | | |
|--|--|
| 11. Is tú mo bheinnsín luachra, | You're my sheaf of rushes |
| 12. Is tú mo staicín eorna | You're my stack of barley |
| 13. Is tú mo mhála fataí | You're my bag of spuds |
| 14. I lár an Ghorta Mhóir | In the middle of the Great Famine |
| 15. Is tú m' fhóidín móna | You're my sod of turf |
| 16. Is tú m' fhóidín mearaí | You're my sod of confusion |
| 17. Nach dtuigeann tú gur tú mo smugairle róin. | Don't you understand that you're my jellyfish. |

curfá

chorus

- | | |
|--|---|
| 18. Is tú an gad is gaire do mo scórnach | You're the gad closest to my throat |
| 19. Is tú an chloch is mó ar mo pháidrín | You're the biggest stone on my rosary |
| 20. Is tú an chaor a lasanns mo chroí is mo phíopa cré | You're the glowing coal that lights my heart and my clay pipe |
| 21. Is tú mo phota Pádraig, | You're my jar of porter on St. Patrick's day, |
| 22. Is tú mo phota gliomach, | You're my lobster pot |
| 23. Ach thar gach ní is tú an gleann inar tógadh mé. | But above all, you're the valley in which I was raised. |

curfá

chorus